V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra maidir le comhchruinniú

## (Cás M.10681 – RTL Deutschland/Seven.One Entertainment Group/Addressable TV Technology JV)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 304/06)

1. An 1 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— RTL Deutschland GmbH ("RTL Deutschland", AN GHEARMÁIN),

— Seven.One Entertainment Group GmbH ("Seven.One Entertainment Group", AN GHEARMÁIN),

— The Addressable TV GmbH ("Addressable TV Technology JV", AN GHEARMÁIN),

Gheobhaidh RTL agus Seven.One Entertainment Group comhrialú ar Addressable TV Technology JV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, cuideachta atá ina comhfhiontar, atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá RTL Deutschland gníomhach i réimsí na teilifíse, na siamsaíochta ar líne, agus na seirbhísí léiriúcháin agus craoltóireachta,

— Tá Seven.One Entertainment Group gníomhach i réimsí na teilifíse, na siamsaíochta ar líne agus na seirbhísí léiriúcháin agus craoltóireachta.

3. Déanfaidh Addressable TV Technology JV seirbhísí a fhorbairt a bheidh dírithe ar inrochtaineacht optamaithe a chothú agus ar chaighdeáin theicniúla neamhdhílseánaigh atá ann cheana maidir le teicneolaíocht na teilifíse indírithe ("ATV") a chur chun feidhme. Déanfaidh sé na nithe seo a leas go háirithe – feidhmiúlachtaí na teicneolaíochta ATV a shainiú agus uirlisí aip-bhunaithe a chur ar fáil do chraoltóirí agus do mhonaróirí leictreonaice tomhaltóirí, uirlisí a chuirfidh ar a gcumas a dteicneolaíochtaí ATV féin a thástáil, agus a dheimhniú go bhfuil na teicneolaíochtaí sin ag teacht leis na ceanglais theicniúla bheachtaithe cur chun feidhme arna sainiú ag Addressable TV Technology JV.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10681 – RTL Deutschland/Seven.One Entertainment Group/Addressable TV Technology JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.